

ROINNT NA CRUITHNEACHTA

Sagart bhán a'glic, agus pocán bhán a'glic Eoghan Mhac an Chairt, agus Nóra Níc Con Smuit Figeadóir Bhaile Phádraic agus fásach Bhaile Cheana cheannuigheadar garrdha breagh mór ón tighearna agus rinneadar gort bréagh cruithneachta dhe. Chuireadar cruithneacht annsin ann, d'fág an chruithneacht go raibh sí in-am a bhaint. Dubhairt cuid aca go raibh sí in-am a bhaint agus dubhairt cuid aca nach raibh. Bhíodar ag sarú ar a chéile, triúr ag sarú go raibh sí i n-am a bhaint, agus triúr ag sarú nach raibh. "Teanamaidh teanamaidh go dtí an tighearna" "teanamaidh cheana," "teanamaidh cheana," ar siadsan siúd ar siubhal leob annsin go dtí an tighearna: Sagart bhán a'glic agus Pocán bhán a'glic, Eoghan Mhac an Chairt agus Nóra Mc Smuit, Figeadóir bhaile Phádraic agus Fásach baile cheana. "Céard tá oraibh?" arsa an tighearna "Ta na seacht ndonais," arsa siadsan, an Smuit, Figeadóir Bhaile Phádraic agus Fásach bhaile Cheana. Tháinigheadar go dtí an tighearna. "Céard tá oraí (bh)," arsa an tighearna "tá na seacht ndonais, ar siadsan "tuille tabaiste chugaí," arsa an tighearna. "Améin," arsa siadsan. "Tá cuid againn a rádh go bhfuil an chruithneacht i ngearrtha," ar siadsan," agus cuid eile againn a rádh nach bhfuil," "Is frusta é sin a leigheas," arsa an tighearna. "Tugaidh spás trí nó ceathair de laethannta dí agus gearraidh libh annsin." Gabh siad abhaile ar n'ais annsin agus thugadar spás trí nó ceathair de laethannta agus thosuigheadar dá gearradh annsin go raibh sí gearrtha. Nuair a bhí sí gearrtha annsin: "céard a dhéanfaimuid anois "ar siad-san. "teanamuidh teanamuidh go dtéighidh muid go dtí an tighearna" "Teanam cheana," ar siadsan. Siúd ar súbhal leob annsin go dtí an tighearna, Sagart bhán a'Ghlic agus pocán bhán a'ghlic, Eoghan Mhac Con Chairt agus Nóra Níc Con Smuit Figeadóir Bhaile Cheann "céard tá oraibh?2 arsa an tighearna "tá na seacht ndonais," arsa siadsan," "tuille tubaiste oraibh," arsa an tighearna "améin," arsa siadsan." Tá an chruithneacht bainnte againn agus níl fios againn céard a dhéanfaimuid leithe" "is furasta é sin a reiteach," adeir an tighearna, téigheadh abhaile agus ceanglaidh í ina punnainn agus seasaidh suas annsin í agus beidh sí réidh le roinnt eatoraibh" Chuadar abhaile agus cheangluigheadar í agus rinneadar stacaí dhi staca ar staca gach uile staca dí, agus nuair a bhi sé socruighthe aca bhí staca corr ann. "Anois céard a dhéanfaimuid" ar siadsan "teanamuidh cheana" arsa siadsan siúd a súbhal leob go ndeacgadar chun sagart bán a'glic agus pocán bhán a' glic Eoghan Mac Con Chairt agus Nora Níc Con Smuit, Figeadóir bhaile Pádraic agus fásach bhaile cheanna" "céard tá oraibh/ arsa an tighearna "ta na seacht ndonais," arsa siadsan " tuille tubaiste oraibh," arsa an tighearna "améin "arsa siadsan. "Ceangluigheadar í sin agus rinneamar stacaí dhí agus roinneamar í, tá staca corr ann agus níl fhios againn céard a déanfaimuid leis." Is furasta é sin a réidhteach," arsa an tighearna." Téighidh abhaile agus déanaidh punnann ar phonann dé agus b'éidis go dtiocfadh sibh díreach, adeir sé. Chuadar abhaile agus rinneadar punnann ar

phunnann de'n staca cruithneachta agus nuair a bhí sé déanta ina punainn aca roinneadar na punnainn eatoraibh agus bhí punann corr. "Anois céard a d'éanfaimuid leis an bpunannn," arsa siadsan "Teanamhaidh teanamhaidh chun an tighearna," "teanamaidh cheana," arsa siadsan siúd a súbhal leob go ndeachadar chun an tighearna, sagart bhán a' ghlic, Eoghan Mac Con Chairt agus Nóra Nic Con Smuit, Figheadóir bhaile Pádraic agus fásach an Bhaile Cheann. "Céard tá oraibh?" arsa an tighearna "tá na seacht ndonais," arsa siadsan "rinneamar punnainn den staca corr agus roinneamar na punainn agus tá punnann corr ann agus níl fhios againn céard a d'héanfaimuid léithe." "Is furasta é sin a réidtheach," arsa an tighearna. "Téighidh abhaile agus déanaidh dornáí ar dhornán de'n phunnainn agus b'éidir go dtiocfadh sé díreach insan roinnt." Gabhadar abhaile annsin agus rinneadar donnán ar dhonnán de'n phunnainn agus roinneadar na dornáin eatoraibh agus nuair a bhíodar roinnte aca bhí dornán corr ann. "Anois, céard a dhéanfaimuid arsa siad-san "teanamaidh teanamaidh chun an tighearna" "teanamaidh cheana," arsa an siadsan siúd a subhal leob go ndeachaidh chun an tighearna sagart bhán a' ghlic, pocán bhán a' ghlic, Eoghan Mac con Cairt agus nóra Nic Chon Smuit, Figheadóir bhaile phádraic agus fásach an bhaile cheana. "Céard atá oraibh/" arsa an tighearna. "Tá na seacht ndonais, arsa siadsan "tuille tabaiste oraibh," arsa an tighearna "améin, arsa siad san. "Rinneamar dornán de'n phunainn chorr agus ta donnán corr ann." "Is frusta é sin a réiteach arsa an tighearna," Téighidh abhaile agus déanaidh an donnán corr ina déasa agus b'éidir go dtiocfadh sé díreach insan roinnt." Gabhadar abhaile annsin agus roinneadar an donnán ina déasa, deas ar dhéis agus roinneadar an déasa agus nuair a bhí na déasa roinnte aca bhí deas chorr ann. "Anois céard a dhéanfaimuid/" arsa siad-san, "teanamuid, teanamuid cheana chun an tighearna arsa siadsan. "Siúd a' siubhal leob go ndeachadar chun an tighearna, sagart bhán a' ghlic, pocán bhán a' ghlic Eoghan Mac Con chairt, agus nóra Nic an Smuit, Figheadóir bhaile Phádraic agus fásach an bhaile cheana. "Céard atá oraibh," arsa an tighearna "tá na seacht ndonais," arsa siad-san "tuille tubaiste oraibh arsa an tighearna," améin," arsa siadsan. Roinneamar na déasa agus tá deas chorr ann." "Is frusta é sin a réiteach," arsa an tighearna. Téighidh abhaile agus buailidh an deas corr agus roinnidh na grainní agus b'éidir go dtiocfadh sé díreach insan roinnt." Gabhadar abhaile annsin agus bhuaileadar an deas chorr. Roinneadar na grainní agus nuair a bhí na grainní roinnte bhí gráinne corr ann. "Céard a dhéanfaimuid anois," arsa siadsan "teanamuidh teanamuidh chun an tighearna "teanamuid cheana, arsa siadsan siúd a subhal leob go ndeachadar chun an tighearna, sagart bhán a' ghlic, pocán bhán a' ghlic, Eoghan mac Con Chairt, agus Nóra Nic Con Smuit, Figheadóir Bhaile Phádraic agus fásach an bhaile cheana. "Céard tá oraibh arsa an tighearna, "tá na seacht ndonais," arsa siadsan "tuille tubaiste oraibh," arsa an tighearna "améin," arsa siadsan." Bhuaileamar an deas chorr agus roinneamar na grainní agus tá gráinne corr." "Is frusta é sin a réiteach," arsa an tighearna. "Teighidh abhaile agus caithidh an gráinne corr amach sa loch. Snámhaidh amach ina dhiaidh agus is leis an duine a geobchfaré an gráinne," arsa an tighearna. Gabhadar abhaile annsin sagart bhán a' ghlic, agus pocán bhan a' ghlic, Eoghan Mhac Con Chairt agus Nóra Nic Con Smuit, figheadóir bhaile Phádraic agus fásach bhaile an cheana. Shnámhadar amach ina dhiaidh agus báthadh iad uiliug. Bhí an chruithneacht ar fad ag an tighearna.